Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 22 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9850/21**

| | |
|---|---|
| **SUSTDEV 82** | **ENER 284** |
| **ONU 57** | **COHOM 99** |
| **DEVGEN 125** | **JEUN 63** |
| **ENV 433** | **EDUC 232** |
| **RELEX 567** | **COMER 60** |
| **AG 53** | **WTO 156** |
| **AGRI 280** | **CULT 39** |
| **TRANS 400** | **COHAFA 57** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Meitheamh 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9600/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – Atógáil ar bhealach níos fearr tar éis ghéarchéim COVID-19<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 22 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – atógáil ar bhealach níos fearr tar éis ghéarchéim COVID-19, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3805ú cruinniú a bhí aici an 22 Meitheamh 2021.

**Cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – Atógáil ar bhealach níos fearr tar éis ghéarchéim COVID-19**

**Conclúidí ón gComhairle**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

1. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go bhfuil an tAontas Eorpach agus na Ballstáit go hiomlán taobh thiar de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá spriocanna forbartha inbhuanaithe, atá fós mar threoir do na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag an Aontas agus a Bhallstáit, go hinmheánach agus go seachtrach araon chun atógáil ar bhealach fearr. *MEABHRAÍTEAR DI* na conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2017, mí Aibreáin 2019 agus mí na Nollag 2019, chomh maith leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2018, agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* na gealltanais a tugadh iontu.

2. *MEABHRAÍTEAR DI* go bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine. Tabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit tosaíocht i ngach ceann dá réimsí gníomhaíochta chun gur féidir le mná agus cailíní tairbhiú go hiomlán de chearta an duine, den chomhionannas inscne agus de chumhachtú ban agus cailíní. *MEABHRAÍTEAR DI* freisin go bhfuil an tAontas tiomanta cur chuige bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn, a chuimsíonn cearta uile an duine, bídís ina gcearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha, agus iad a bheith i gcroílár na dtionscnamh uile a bhaineann leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe. *AITHNÍONN SÍ* freisin a thábhachtaí atá sé díriú ar oideachas claochlaitheach ar gach leibhéal mar bhunriachtanas chun saoránaigh a chumhachtú chun rannchuidiú leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

***Dúshláin a éiríonn as COVID-19***

3. *AITHNÍONN SÍ* gur bagairt í paindéim COVID-19 ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ionsar na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus gurbh í ba chúis leis an gcúlú siar ar chuid den dul chun cinn a bhí déanta laistigh den Aontas agus ar fud an domhain. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* go raibh iarmhairtí socheacnamaíocha agus tionchair dhíréireacha ag an bpaindéim ar mhná agus ar chailíní, lena n-áirítear méadú ar foréigean inscnebhunaithe a bheith á fhulaingt acu lena n-áirítear foréigean teaghlaigh agus gur cuireadh isteach ar rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe, rud a éilíonn freagairt dhomhanda agus uaillmhianach. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfios an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte. *CUIREANN SÍ I dTREIS* go dtugann Clár Oibre 2030 an treoirphlean comhroinnte chun téarnamh inbhuanaithe a áirithiú a bheidh cothrom, cuimsitheach, cóir go sóisialta, athléimneach agus glas. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* go bhfuil a chur chun feidhme bunriachtanach má tá todhchaí rathúil iar-phaindéime le bheith ag cách agus chun saol síochánta slán a áirithiú don ghlúin atá thuas anois agus do na glúine atá le teacht, agus teorainneacha ár bpláinéid á n-urramú, tríd an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus comhionannas inscne a chaomhnú, an aeráid agus an comhshaol a chosaint, geilleagair nua-aimseartha, dhinimiciúla agus chuimsitheacha a thógáil, feabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála agus oibre, agus neamhionannais a laghdú, gan aon duine a fhágáil ar lár.

4. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* nach bhfuil, leis na dúshláin a d'eascair as géarchéim COVID-19, an dara rogha anois againn ach dlús a chur le gníomhaíocht chomhpháirteach nuálach chinntitheach agus infheistíochtaí a ailíniú i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, trí athchóirithe struchtúracha práinneacha a dhéanamh agus trí atógáil ar bhealach níos fearr agus níos glaise, chun dul i ngleic go héifeachtach le bunchúiseanna na ngalar zónóiseach mar aon le suaití eile agus géarchéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. *IS DÍOL SÁSAIMH DI*, i ndáil leis an méid sin, go mbeidh gníomhaíocht an Choimisiúin fós á treorú ag Clár Oibre 2030 agus ag na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe a ghabhann leis, go hinmheánach agus go seachtrach araon, chomh maith le comhaontuithe agus ionstraimí iltaobhacha eile, lena n-áirítear Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí agus an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht.

5. *AITHNÍONN SÍ* an géarghá atá ann le dlús a chur le gníomhaíocht ar gach leibhéal agus ag na geallsealbhóirí uile chun fís agus spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, á chur san áireamh go bhfuil na spriocanna forbartha inbhuanaithe comhtháite agus doroinnte. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE*, i ndáil leis an méid sin, an deis a tugadh leis an gclár oibre idirnáisiúnta in 2021, Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP26), Comhdháil Bhithéagsúlachta na Náisiún Aontaithe (COP 15), agus Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia, chomh maith le cruinnithe aireachta agus cruinniú mullaigh G20 agus cruinniú mullaigh an G20, lena n-áirítear cinn maidir le sláinte dhomhanda, chun cur chun feidhme comhchoiteann Chlár Oibre 2030 a fheabhsú agus a bhrostú ar bhealach comhtháite.

***Feabhas a chur ar an idirphlé idir an Chomhairle agus an Coimisiún leis an sprioc chomhpháirteach cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh***

6. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go dtacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le Deich mBliana Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme agus *ADMHAÍONN SÍ* gur gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chuige comhtháite, straitéiseach, uaillmhianach agus cuimsitheach ag an Aontas chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme.

7. I ndáil leis an méid sin, *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an doiciméad inmheánach oibre ón gCoimisiún *Delivering on the UN's Sustainable Development Goals – A comprehensive approach* [Spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach – cur chuige cuimsitheach]. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* tiomantas an Choimisiúin an méid seo a leanas a dhéanamh: – na spriocanna forbartha inbhuanaithe ábhartha a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach, sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus san ionstraim théarnaimh 'Next Generation EU'; – príomhshruthú na spriocanna forbartha inbhuanaithe sna tograí dá chuid agus i gcur chun feidhme bheartais agus ionstraimí an Aontais, lena n-áirítear trí na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú in uirlisí rialála níos fearr; – comhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a áirithiú; – rannpháirtíocht láidir an Aontais sa domhan a áirithiú chun comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chothú le go mbeifear in ann Clár Oibre 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach; – rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, na hearnála príobháidí agus geallsealbhóirí eile a spreagadh agus – faireachán agus tuairisciú tráthrialta éifeachtach a dhéanamh ar a gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha.

8. *ADMHAÍONN SÍ* gur gá díriú ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla nithiúla ar gach leibhéal chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus a spriocanna forbartha inbhuanaithe trí chuspóirí, bearta agus amlínte nithiúla, a bhunaítear agus a bhunófar go príomha le beartais earnálacha, á chur i dtreis ag an am céanna a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme na bpríomh-uaillmhianta a ailíniú leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe ábhartha ar bhealach éifeachtach agus comhleanúnach.

9. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí nithiúla den sórt sin a mholadh chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme, ag tógáil ar a dhoiciméad inmheánach oibre agus i gcomhar le príomhaidhmeanna Uachtarán an Choimisiúin – an Comhaontú Glas don Eoraip, geilleagar a fhóireann do dhaoine, Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach, ár ndóigh bheatha san Eoraip a chur chun cinn, Eoraip níos láidre sa domhan mór, agus ugach nua do dhaonlathas na hEorpa – agus le cláir oibre bhliantúla an Choimisiúin.

10. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún dul i mbun idirphlé struchtúrtha rialta leis an gComhairle i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, chun cur chuige comhtháite, straitéiseach, uaillmhianach agus cuimsitheach a chur chun cinn a thuilleadh maidir le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasghearrtha uileghabhálacha a bhaineann le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais a bhreithniú ar bhealach comhtháite comhleanúnach, agus treoshuímh straitéiseacha a phlé de réir mar is iomchuí.

11. *IARRANN SÍ* go mbeadh idirphlé tráthrialta ann roimh ghlacadh chlár oibre bhliantúil an Choimisiúin, bunaithe ar an tuarascáil is déanaí ó Eurostat, agus tar éis ghlacadh an chláir oibre, bunaithe ar achoimre ar mheasúnú an Choimisiúin ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe sa chlár oibre i bhfianaise an dearbhaithe chomhpháirtigh maidir leis na tosaíochtaí reachtacha bliantúla.

12. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún, maidir leis an gclársceidealú ilbhliantúil, na cuspóirí, bearta nithiúla agus na hamlínte is tábhachtaí dá bhfuil ann faoi láthair a thiomsú go tráthrialta i mbeartais ríthábhachtacha chlaochlaithe agus measúnú a dhéanamh orthu i gcomhar le tuarascálacha Eurostat. Ba cheart achoimre a thabhairt sa mheasúnú sin ar an dul chun cinn atá déanta le tionscnaimh shonracha de chuid an Choimisiúin chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, lena n-áirítear an tionchar a bhí acu agus dúshláin a d'fhéadfadh teacht astu, lena n-áirítear éifeachtaí iarmharta, sineirgí agus comhbhabhtálacha chomh maith le rioscaí a d'fhéadfadh éirí ar ghá iad a mhaolú, agus tograí le haghaidh bearta breise nó bearta ceartaitheacha i gcás inar gá. Ba cheart an measúnú sin a chur faoi bhráid na Comhairle i scríbhinn roimh an meastóireacht mheántéarma ar chonclúidí comhpháirteacha na dtrí institiúid maidir le clársceidealú ilbhliantúil agus roimh dheireadh an téarma reachtaigh chun an clársceidealú ag an gcéad Choimisiún eile a cheapfar a ullmhú.

13. *GEALLANN SÍ* go ndéanfaidh sí athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs an idirphlé rialta sin. *ADMHAÍONN SÍ* a thábhachtaí atá sé go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a phríomhshruthú agus a chomhtháthú ar bhealach comhleanúnach comhtháite ina cuid oibre ar fud na n-earnálacha beartais agus *GEALLANN SÍ* na hiarrachtaí sin a dhéanamh.

14. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* struchtúr rialachais na spriocanna forbartha inbhuanaithe laistigh den Choimisiún agus *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún soiléiriú a dhéanamh, i ndáil leis sin, ar an gcaoi a bhfuil comhleanúnachas cothrománach idir freagrachtaí na gCoimisinéirí faoi seach maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, chomh maith le comhordú éifeachtach idir seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS á áirithiú. Thairis sin, *MOLANN SÍ* don Choimisiún leanúint de bheartais chomhleanúnacha agus chlaochlaitheacha a chothú, trína chur chuige 'uile-rialtais' a thabhairt ar aghaidh i dtreo cur chuige 'uile-shochaí'.

***Réimsí tosaíochta chun feabhas a chur ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe***

15. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* na straitéisí agus na pleananna gníomhaíochta éagsúla a ghlac an Coimisiún go dtí seo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i réimsí sonracha beartais agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* gur gá iad a chur chun feidhme gan mhoill agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna.

16. *MEABHRAÍTEAR DI* gur freagracht chomhroinnte é cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe, a éilíonn gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta, fo-náisiúnta agus áitiúil, agus TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit leibhéal uaillmhéine a bhfreagairtí náisiúnta a ardú maidir le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, trí dhlús a chur lena phríomhshruthú in ionstraimí pleanála, beartais agus straitéisí náisiúnta, lena n-áirítear na straitéisí náisiúnta um fhorbairt inbhuanaithe, agus sna creataí airgeadais, de réir mar is iomchuí.

17. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* tiomantas an Choimisiúin comhtháthú beartas don fhorbairt inbhuanaithe a áirithiú mar chuid lárnach den chur chuige comhtháite, straitéiseach, uaillmhianach agus cuimsitheach chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme. *MEABHRAÍTEAR DI* freisin go bhfuil córas rialála níos fearr an Choimisiúin Eorpaigh ag cur le comhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe trí shineirgí agus comhbhabhtálacha a shainaithint agus a mheasúnú, chomh maith le héifeachtaí iarmharta ar thíortha comhpháirtíochta, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na nithe sin. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an cuspóir atá sa Teachtaireacht dar teideal *Better regulation: Joining forces to make better laws* [Rialáil Níos Fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh] ina mholtar roinnt feabhsuithe chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a phríomhshruthú chun a áirithiú go rannchuideoidh gach togra reachtach le Clár Oibre 2030, lena n-áirítear na spriocanna forbartha inbhuanaithe ábhartha a shainaithint do gach togra agus scrúdú ar an gcaoi a dtacóidh an tionscnamh leis na spriocanna a bhaint amach. *AITHNÍONN SÍ*, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá ceithre luamhán an athraithe – rialachas; an geilleagar agus airgeadas; gníomhaíocht aonair agus gníomhaíocht chomhchoiteann; agus eolaíocht agus teicneolaíocht – mar nithe atá ríthábhachtach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach ar bhealach comhleanúnach.

18. *MEABHRAÍTEAR DI* comhtháthú na spriocanna forbartha inbhuanaithe ábhartha sa Seimeastar Eorpach, le caibidil maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil a áireamh sna tuarascálacha tíre agus iarscríbhinn thiomnaithe ina dtuairiscítear feidhmíocht na mBallstát maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go dtuairisceoidh na Ballstáit maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe ábhartha faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit lena ndíreofar ar an ualach riaracháin a laghdú. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* gur cheart go mbeadh an Seimeastar Eorpach dírithe i gcónaí ar bheartais eacnamaíocha, fhioscacha agus fostaíochta a chomhordú, ar mhórdhúshláin maidir le beartas struchtúrach a shainaithint agus ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-athchóirithe. Áirítear leis sin, laistigh dá shainordú, súil a choinneáil ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna forbartha inbhuanaithe ábhartha, agus an tAontas agus na Ballstáit a threorú trí dhúshláin an téarnaimh inbhuanaithe agus an aistrithe ghlais agus dhigitigh. I ndáil leis an méid sin, cé gur tosaíocht é an téarnamh gearrthéarmach, *ADMHAÍONN SÍ* go bhfuil sé ríthábhachtach go gcaomhnófar gealltanais agus cuspóirí ábhartha den chineál sin a rannchuidíonn le hathléimneacht agus cobhsaíocht fhadtéarmach le cleachtais an tSeimeastair Eorpaigh a bheidh ann amach anseo.

19. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* go bhfuil an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta dírithe ar Eoraip níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos cothroma a fhorbairt, trí athchóirithe agus infheistíochtaí poiblí sa fhreagairt ar na dúshláin a shainítear i gcomhthéacs an tSeimeastair, lena n-áirítear i ndáil leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* go dtabharfaidh na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta aghaidh ar réimsí beartais a mbaineann ábharthacht Eorpach leo agus atá struchtúrtha timpeall ar sé cholún lena gcumhdaítear roinnt spriocanna forbartha inbhuanaithe. Bunaithe ar an tuairisciú ó na Ballstáit i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún, agus faireachán á dhéanamh aige ar chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, aghaidh a thabhairt ar an gcaoi ar féidir na pleananna sin rannchuidiú go héifeachtach le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ábhartha

20. *ADMHAÍONN SÍ* buiséad an Aontais, lena n-áirítear ráitis chláir, mar ionstraim éifeachtach chun tacú leis an dul chun cinn arna dhéanamh maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir na beartais bhuiséadacha a áirítear sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 go hinmheánach agus go seachtrach. *MEABHRAÍTEAR DI* go n-ullmhóidh an Coimisiún tuarascálacha bliantúla a bheidh ag gabháil le buiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear maidir le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe i ngach clár ábhartha de chuid an Aontais de CAI 2021-2027. I ndáil leis an méid sin, *MOLANN SÍ* don Choimisiún tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhodheolaíocht chomhleanúnach chun an caiteachas ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe a rianú, lena léirítear cineál trasearnálach na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus rannchuidiú comhuaineach na gclár le spriocanna forbartha inbhuanaithe éagsúla, chun féachaint ar an gcaoi a bhaintear amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe le cabhair ó CAI, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Creat Eorpach don Buiséadú Glas. Is ceart sin a dhéanamh agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir bhrí Rialacháin an Aontais maidir le Tacsanomaíocht agus an prionsabal gan aon duine a fhágáil ar lár á gcur san áireamh.

21. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* eagrán 2020 de thuarascáil faireacháin Eurostat *Monitoring report on status and progress towards the SDGs in an EU context* [Tuarascáil faireacháin maidir le stádas agus dul chun cinn i dtreo na na spriocanna forbartha inbhuanaithe i gcomhthéacs an Aontais] agus an nasc níos dlúithe idir eagrán 2020 agus an Seimeastar Eorpach, a bhuí leis an gcaibidil faoi dhul chun cinn na mBallstát i dtreo na na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

22. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an dul chun cinn atá déanta maidir le roinnt spriocanna ach *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* go bhfuil an dul chun cinn atá déanta maidir le cuid de na spriocanna níos tapúla ná mar a rinneadh i leith spriocanna eile agus *CUIREANN SÍ IN IÚL* gur chúis imní di go bhfuiltear ag imeacht uathu i réimsí ar leith. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, agus cúinsí náisiúnta agus prionsabal na coimhdeachta á gcur san áireamh, bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh iarrachta, lena n-áirítear feabhas a chur ar shonraí agus ar fhaireachán dóibh siúd atá ag tabhairt aghaidh ar imeallú agus ar eisiamh. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* freisin a ábhartha atá tacair eile táscairí mar fhorlíonadh ar shonraí Eurostat agus ar an bhfaireachán a dhéanann sé ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* arís a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar fhoinsí sonraí agus ar a dtráthúlacht agus táscairí a roghnú chun a áirithiú go mbeidh sonraí leordhóthanacha, intomhaiste, dí-chomhionlánaithe agus leordhóthanacha ar fáil, mar aon le cur chuige eolaíocht-bhunaithe chun bearnaí tromchúiseacha agus míthuiscintí a d'fhéadfadh a bheith ann faoin dul chun cinn atá déanta a sheachaint.

23. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an obair atá déanta ag Eurostat chun a thuarascáil faireacháin maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a fhorbairt agus an t-athbhreithniú agus feabhsú leanúnach atá á ndéanamh ar thacar táscairí an Aontais maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na na spriocanna forbartha inbhuanaithe i gcomhthéacs an Aontais, trí chomhthéacs agus sonraí tírshonracha a chur san áireamh, lena n-áirítear sonraí a dhí-chomhiomlánú go dtí an leibhéal fo-náisiúnta, sonraí institiúidí agus chomhlachtaí eile de chuid an Aontais, táscairí domhanda do na spriocanna forbartha inbhuanaithe a comhaontaíodh ar leibhéal na Náisiún Aontaithe agus an obair atá déanta ag eagraíochtaí agus institiúidí idirnáisiúnta ábhartha eile. *IARRANN SÍ* go measfar le roghnú na dtáscairí an bhfuil sonraí leordhóthanacha staidrimh ar fáil lena bhféadfar measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an dul chun cinn sna spriocanna uile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. *IARRANN SÍ* freisin go ndéanfaí na Ballstáit a rannpháirtiú a thuilleadh ó thaobh téama de i roghnú na dtáscairí, lena n-áirítear trí choistí ábhartha amhail Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta agus Foghrúpa Táscaire an Choiste um Chosaint Shóisialta.

24. *ADMHAÍONN SÍ* go bhfuil sé d'aidhm ag athbhreithniú 2021 táscaire an Aontais maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe a oiriúnú do Chomhaontú Glas an Choimisiúin agus do thograí eile a bheidh ann le déanaí nó a bheidh ann amach anseo. *CUIREANN SÍ I dTREIS* gur gá na táscairí maidir leis na hiarmhairtí a chruthaíonn an tAontas ar fud an domhain a fheabhsú a thuilleadh agus gur gá iad a úsáid agus *IS DÍOL SÁSAIMH DI* go n-áireofar roinn faoi éifeachtaí COVID-19 in eagrán 2021 de thuarascáil faireacháin an Aontais maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, chomh maith le héifeachtaí iarmhartacha cumhdaigh leathnaithe agus táscairí bearna. Thairis sin *MOLANN SÍ* don Choimisiún agus do na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as tuarascáil faireacháin Eurostat maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus tograí beartais á gceapadh nó beartais á bhforbairt acu.

25. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht níos mó ón tsochaí shibhialta a spreagadh sa phróiseas comhairliúcháin i ndáil leis an athbhreithniú ar thacar táscairí an Aontais maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

***Gné shóisialta na forbartha inbhuanaithe a neartú***

26. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* a thábhachtaí atá sé gné sóisialta na forbartha inbhuanaithe a neartú chun cearta an duine, comhionannas inscne, an cuimsiú, forbairt dhaonna, comhtháthú sóisialta agus comhionannas de gach cineál a chur chun cinn mar aon leis an idirphlé sóisialta, sláinte agus sábháilteacht cheirde agus obair chuibhiúil. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* tiomantas an Choimisiúin Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta d'fhonn téarnamh cothrom, cuimsitheach agus athléimneach a ráthú agus cothroime agus cothroime shóisialta a fheabhsú, go háirithe sna haistrithe digiteacha agus glasa chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* gur thíolaic an Coimisiún príomhspriocanna nua an Aontais maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme a thuilleadh agus maidir lena rannchuidiú le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe mar aon le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a áireamh i gcuspóirí ginearálta agus sonracha na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* go dtacaítear leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe leis na príomhspriocanna atá beartaithe do 2030, mar aon leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an scórchlár sóisialta. *IS DÍOL SÁSAIMH DI*, i ndáil leis an méid sin, Cruinniú Mullaigh Sóisialta Phorto, lena bhféadfar ugach polaitiúil a thabhairt do chur chun feidhme breise Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a Phlean Gníomhaíochta. Ina theannta sin, *CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS* a thábhachtaí atá an Clár Oibre Eorpach do Scileanna agus go háirithe, a Chomhshocrú do Scileanna. Ina theannta sin, *IS DÍOL SÁSAIMH DI* freisin an plean atá ag an gCoimisiún teachtaireacht a eisiúint maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain.

27. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún faisnéis bhreise a chur ar fáil faoin ról atá ag Colún Eorpach na gCeart Sóisialta laistigh den Seimeastar Eorpach sa todhchaí, chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar bhealach cothrom iomchuí ar na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe, eadhon an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus an ghné chomhshaoil, agus ar na hidirnaisc atá ann cheana idir na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

28. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* tiomantas an Aontais freastal ar riachtanais na mban agus na gcailíní agus cearta na mban agus na gcailíní a chosaint agus an comhionannas inscne a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* go bhfuil an tAontas tiomanta do bhearta beartais a chur chun feidhme agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu chun SDG5 a bhaint amach mar sprioc aonair agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* gur cheart don Aontas agus a Bhallstáit a áirithiú go ndéanfar beartais a bheadh freagrúil i ndáil le hinscne agus bunathraitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar rannchuidiú tábhachtach le baint amach rathúil na spriocanna forbartha inbhuanaithe. I bhfianaise an méid sin, de réir na Straitéise maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 ón gCoimisiún, is fadhb dhomhanda é an neamhionannas inscne. Is cuspóirí lárnacha de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais iad an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* freisin an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí maidir leis an tríú Plean Gníomhaíochta Inscne (GAP).

***Rannchuidiú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip le spriocanna forbartha inbhuanaithe***

29. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* go bhfuil gá le gné láidir chomhshaoil d'fhonn uaillmhian Chlár Oibre 2030 chomh maith le cur chun feidhme Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. I ndáil leis sin, *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an comhaontú polaitiúil sealadach maidir le an Dlí Aeráide Eorpach a bhain idirbheartaithe na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa amach an 20 Aibreán agus *is fada léi* go dtíolacfaidh Coimisiún na hEorpa an pacáiste 'oiriúnú don sprioc 55%' agus tograí reachtacha eile chun spriocanna uaillmhianacha an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus straitéisí ábhartha eile a chur chun feidhme.

30. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an Comhaontú Glas don Eoraip, an straitéis fáis inbhuanaithe nua atá molta ag an gCoimisiún agus an uaillmhian a ghabhann leis rannchuidiú go díreach le 12 de na 17 spriocanna forbartha inbhuanaithe. Agus aird á tabhairt aici ar na deiseanna a bhaineann le maoiniú inbhuanaithe chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil agus sóisialta an Aontais agus díobháil á seachaint ag an am céanna, *IS FADA LÉI* Straitéis Airgeadais Inbhuanaithe Athnuaite ón gCoimisiún arb is é aidhm dó athmhachnamh a dhéanamh ar an straitéis airgeadais atá ann faoi láthair agus an uaillmhian a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur ar aon dul le clár téarnaimh COVID-19 an Aontais agus *CUIREANN SÍ I dTREIS* a thábhachtaí atá sé go gcuirfear chun feidhme mar is ceart í. *CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS* a thábhachtaí atá an ról atá ag an earnáil phríobháideach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, *MEABHRAÍTEAR DI* a thábhachtaí atá sé cur leis an maoiniú inbhuanaithe glas do FBManna agus don fhiontraíocht, agus *IS FADA LÉI* tionscnamh reachtach a bheidh ann amach anseo maidir le dícheall cuí éigeantach do chuideachtaí agus a mhéid a rannchuidíonn an fhreagracht chorparáideach shóisialta leis.

***Cur chuige na sochaí iomláine maidir le cur chun feidhme a neartú***

31. *MEABHRAÍTEAR DI* gur freagracht chomhroinnte é cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 lena n-éilítear cur chuige na sochaí iomláine, trí rannphháirtíocht láidir leanúnach na ngeallsealbhóirí uile, lena n-áirítear na húdaráis agus na cathracha uile, ar an leibhéal náisiúnta, fo-náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, na parlaimintí náisiúnta, an earnáil phríobháideach, na comhpháirtithe sóisialta, an lucht acadúil, pobail eipistéimeach agus an tsochaí shibhialta. Ina theannta sin, tá gá le maoirseacht agus comhordú polaitiúil ar gach leibhéal, ar an leibhéal domhanda agus áitiúil, agus na hidirnaisc idir na spriocanna forbartha inbhuanaithe á gcur san áireamh. *AITHNÍONN SÍ* a thábhachtaí atá gné na hóige i gClár Oibre 2030 agus an ról atá ag leanaí agus an óige mar ghníomhairí don athrú agus mar idirghabhálaithe fóinteacha i bpróisis chinnteoireachta agus in ardáin rialachais, i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 agus na 11 Sprioc Eorpacha don Óige 2019-2027. Ina theannta sin, *AITHNÍONN SÍ* a mhéid a rannchuidíonn an cultúr agus earnáil an chultúir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, ar féidir iad a threisiú go suntasach trí na teicneolaíochtaí digiteacha nua.

32. *MEABHRAÍTEAR DI* an ról tábhachtach a bhí ag an Ardán Eorpach Il-gheallsealbhóirí maidir le saibhriú na díospóireachta faoi conas dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus faoi chomhbhabhtálacha beartais agus sineirgí atá ann cheana agus na réitigh a d'fhéadfaí a bheartú ar an leibhéal áitiúil, fo-náisiúnta, náisiúnta agus Eorpach. *TÁTHANTAÍONN SÍ* ar an gCoimisiún ardán a bhunú ina mbeidh réimse leathan geallsealbhóirí rannphháirteach in obair an Aontais a mhéid a bhaineann leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, lena ngabhfadh ballraíocht chuimsitheach agus ballraíocht ionadaíoch, chun cur chuige na sochaí iomláine a éascú, chun gníomhaíocht maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe agus a gcur i gcrích a fheabhsú agus féachaint leis an dea-chomhar a chothú le tionscnaimh amhail an Comhshocrú Aeráide Eorpach agus an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. *MOLANN SÍ* go mbeadh baint ag ardán nua feabhsaithe, i measc ardáin eile, leis an bhfaireachán a dhéanfar ar chur chun feidhme na spriocanna, go mbeadh pléití ann faoi thuarascáil faireacháin bhliantúil ó Eurostat ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus go rachfaí i gcomhairle léi maidir le measúnaithe tionchair inbhuanaitheachta ar thionscnaimh nua.

33. *TACÍONN SÍ* le háireamh chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe san obair a dhéanfar ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. *CUIREANN SÍ I dTREIS* gur gá plé dhéanamh leis na geallsealbhóirí maidir le comhairliúchán, cur chun feidhme agus faireachán chun go léireofaí go cuí idirspleáchas ghnéithe na forbartha inbhuanaithe agus chun idirphlé treisithe, struchtúrtha a bheidh dírithe ar thorthaí a chumasú lenar féidir bonn eolais a chur faoi bheartais an Aontais agus faireachán a dhéanamh orthu agus ar a rannchuidiú le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe trí chur chuige trasearnála. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an Comhshocrú Aeráide Eorpach arb é is aidhm dó geallsealbhóirí éagsúla agus an tsochaí shibhialta a thabhairt le chéile chun gealltanas a thabhairt i dtaca le gníomhú ar son na haeráide agus i dtaca le hiompraíochtaí níos inbhuanaithe agus tacaítear leis le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú ina chuid gníomhaíochtaí.

34. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí cumarsáide agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta a dhéanamh maidir le Clár 2030, d'fhonn plé a dhéanamh le saoránaigh, leis an earnáil phríobháideach agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, an fhreagracht a chomhroinnt leo agus an úinéireacht chomhroinnte eatarthu a mhéadú, agus próisis oscailte thrédhearcacha á n-áirithiú ag an am céanna maidir le beartais a cheapadh agus dlisteanacht níos fearr a thabhairt don chinnteoireacht.

***Gníomhaíocht sheachtrach a fheabhsú chun dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe***

35. *MEABHRAÍTEAR DI* gur chun leas an Aontais ról ceannasach a ghlacadh i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 ar fud an domhain freisin trína ghníomhaíocht sheachtrach agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* gur cuid thábhachtach iad an beartas forbartha agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta den fhreagairt fhoriomlán an Aontais agus a Bhallstáit ar Chlár 2030, i gcomhréir leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt agus Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála agus *CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT* an gá atá le cur chuige comhtháite.

36. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* go leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit dá n-iarrachtaí éifeachtacht an chomhair um fhorbairt de gach cineál a fheabhsú a thuilleadh, chun dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

37. Mar phríomhsholáthraí cúnaimh oifigiúil um fhorbairt ar domhan, tá an tAontas *AGUS* a Bhallstáit fíorthiomanta do thacaíocht a thabhairt do na tíortha comhpháirtíochta agus do na pobail is mó atá i ngátar agus atá i riocht leochaileach, lena n-áirítear na tíortha is lú forbairt agus na tíortha is leochailí san Afraic, sa Chomharsanacht agus i réigiúin gheografacha eile a mhéid a bhaineann le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, lena n-áirítear Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Adaba maidir le Maoiniú don Fhorbairt.

38. *CUIREANN SÍ I dTREIS* an ról atá ag ionstraimí agus tionscnaimh an Aontais le haghaidh na gníomhaíochta seachtraí lena dtacaítear le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 sna tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – An Eoraip Dhomhanda (NDICI) atá ar na bacáin agus an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus ('CEFI+') agus *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún a áirithiú, trína gcur chun feidhme, go rannchuideofar go gníomhach le dul chun cinn i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe, i gcomhréir le creat beartais An Aontais, agus go dtacóidh an tAontas le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil obair á dhéanamh acu ar Chlár Oibre 2030 ina iomláine agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn a bhainfear amach.

39. *MOLANN SÍ* do na Ballstáit agus don Choimisiún cur lena n-iarrachtaí i ndáil le hoibriú le chéile ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí chlársceidealú comhpháirteach. *TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ* do chur chuige Fhoireann na hEorpa, ar cuireadh tús leis i dtosach mar chuid de fhreagairt dhomhanda an Aontais ar phaindéim COVID-19, chun freagairt Eorpach chomhchoiteann a mhúnlú lena n-áirítear institiúidí an Aontais, Ballstáit an Aontais, a líonra taidhleoireachta, na hinstitiúidí airgeadais, lena n-áirítear bainc forbartha náisiúnta, agus gníomhaireachtaí cur chun feidhme, chomh maith leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) chun tacú le tíortha comhpháirtíochta chun téarnamh inbhuanaithe a bhaint amach i gcomhréir le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

40. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an rannchuidiú suntasach a dhéanann comhaltaí Fhoireann na hEorpa leis an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 (ACT-A), lena n-áirítear a cholún vacsaíne COVAX, agus sásra an Aontais um chomhroinnt vacsaíní mar chéimeanna tábhachtacha chun téarnamh cuimsitheach a bhaint amach, agus a rannchuidiú tábhachtach le neartú na gcóras sláinte i roinnt mhaith tíortha comhpháirtíochta.

41. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* gur gá an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní airgeadais uile atá ar fáil chun téarnamh glas cuimsitheach a bhaint amach i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus le Comhaontú Pháras. *MEASANN SÍ*, i ndáil leis an méid sin, gur bealach atá sa togra ón gCoimisiún maidir le Tionscnamh Téarnaimh Dhomhanda lena nasctar an infheistíocht agus an faoiseamh fiachais leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe chun téarnamh inbhuanaithe agus cuimsitheach ón ngéarchéim a bheidh ann i ndiaidh COVID-19 a chur ar chonair an mhórchlaochlaithe, i dtreo bhaint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe faoi 2030. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an obair leanúnach atá á déanamh ar ghníomhaíochtaí iltaobhacha i ndáil le fiachas agus maoiniú inbhuanaithe, amhail an Tionscnamh maidir le Seirbhísiú Fiachais a chur ar Fionraí (DSSI) agus Creat Comhchoiteann um Chóireáil Fiachais a ghlac G20/Club Pháras. *ADMHAÍONN SÍ* go bhfuil gá le rialachas domhanda atá láidir, cuimsitheach agus a thábhachtaí atá sé forbairt bhreise ar chórais airgeadais dhomhanda a chur chun cinn lena gcaomhnófar an chobhsaíocht airgeadais ar bhealach níos fearr agus lena gcuirfear bonn láidir faoin bhforbairt inbhuanaithe maidir leis na trí ghné a bhaineann leis. *MOLANN SÍ* do na Bainc Fhorbartha Iltaobhacha cuntas a thabhairt ar an gcaoi a gcuireann a gcuid gníomhaíochtaí le gnóthú spriocanna forbartha inbhuanaithe agus faireachán a dhéanamh orthu, gníomhaíochtaí a bhaineann lena n-oibríochtaí laistigh agus lasmuigh den Aontas, agus leanúint den phróiseas sin a fheabhsú le gur feiceálaí an nasc idir maoiniú na mBanc Fhorbartha Iltaobhach, an t-aistriú eolais agus fothú acmhainneachta agus tacaíocht do na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

42. *CUIREANN SÍ I dTREIS* gur ionstraim lárnach í an trádáil chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme. Cuireann sí chun suntais an rannchuidiú dearfach a dhéantar maidir le spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach de bharr na trádála oscailte riailbhunaithe. *TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ* do chóras iltaobhach trádála atá oscailte, trédhearcach agus bunaithe ar rialacha ina mbeidh ról lárnach ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, do chomhaontuithe trádála a chuideoidh le forbairt shóisialta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus don trádáil chuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn.

43. *CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS* a thábhachtaí atá sé go leanfaidh an tAontas, ina cháil mar chomhghuaillí nádúrtha na Náisiún Aontaithe agus a ghníomhaireachtaí, de bheith ar thús cadhnaíochta a mhéid a bhaineann le tacú le hiltaobhachas éifeachtach agus leis an ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha agus lena gcur chun cinn, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 mar chlár oibre uilíoch comhroinnte. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún, i ndáil leis an méid sin, tiomantas agus príomhról an Aontais a athdhearbhú tríd an gcur chuige comhtháite, straitéiseach, uaillmhianach agus cuimsitheach maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a ghabhann leis a chomhlíonadh a chur i láthair ag Fóram Ardleibhéil Polaitíochta 2021 (HLPF) agus athbhreithniú cuimsitheach deonach ar chur chun feidhme inmheánach agus seachtrach na spriocanna forbartha inbhuanaithe ag an Aontas a ullmhú, i gcomhar le SEGS faoi 2023, a bheidh le breithniú ag an bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta. Ina theannta sin, *CUIREANN SÍ I dTREIS* a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéantar ionadaíocht don Aontas agus dá Bhallstáit ar an leibhéal is airde agus go mbeidh geallsealbhóirí rannpháirteach go forleathan, lena n-áirítear an óige. *CUIREANN SÍ I dTREIS* gur cheart don Aontas leanúint de mhodhanna comhair eile le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile a shainaithint chun tacú le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe.